# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga


**2 Samhain 2023** || Eagrán 171

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

Tá bhur gcúnamh uainn!

# Comórtas Grianghrafadóireachta
## Chois Fharraige

**Tá féilire 2024 á réiteach againn agus ba bhreá linn bhur bpictiúir a fheiceáil ann!**



Pictiúir ó áit ar bith idir Na Forbacha - Ros a' Mhíl.
Seol do phictiúr chuig: optchoisfharraige@gmail.com
chomh maith le d'ainm agus do cheantar.

Roghnófar 12 pictiúir le cur sa bhféilire.

**Sprioc dháta: 16 Samhain 2023**

Spriocdháta!

# GRADAIM CHUMARSÁIDE AN OIREACHTAIS

Bhí ionadaíocht láidir ag ceantar Chois Fharraige ar liosta na n-ainmniúchán do na Gradaim Chumarsáide ag Oireachtas 23 agus tháinig gradam abhaile le roinnt de na daoine. Is ar Neansaí Ní Choistealbha as Cor na Rón a bronnadh an gradam do Phearsa Raidió na Bliana. Is í Neansaí an ceannasaí ceoil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus is í a léiríonn agus a chuireann an clár breá *Ceol Binn ó na Beanna* i láthair. Is í Méabh Ní Thuathaláin Iriseoir na Bliana. Bíonn Méabh ag scríobh do Thuairisc agus tá aithne agaibh uirthi óna cuid iriseoireachta le ‘7 Lá’ ar TG4. Is as Béal Feirste do Mhéabh ó dhúchas ach tá cónaí anois uirthi i mBaile Liam sa Spidéal. An tsraith teilifíse ‘Bláth na hÓige’, sraith a taifeadadh i Stiúideó Cuan sa Spidéal a thug leis an chraobh don tsraith teilifíse. Comhghairdeachas leo ar fad.


Pictiúir: Cuntas Facebook: Oireachtas na Gaeilge

# EALAÍONTÓIRÍ CÓNAITHE AG STIÚIDEO CUAN

Ainmníodh Cormac Ó Comhraí, Sarah Griallais, Mary Bergin agus Darach Ó Scolaí mar ealaíontóirí cónaithe ag Stiúideo Cuan le gairid. Tá failte roimh chách ag na hoícheanta airneáin agus seanchais a bhéas ar siúl chuile Mháirt @ 8:30i.n. le seal a chaitheamh leis na healaíontóirí cónaithe le cúrsaí ceoil, scéalaíochta, oidhreachta agus traidisiúin a cheiliúradh agus a phlé. Saorchead isteach.

# FOLÚNTAS AG AN ITT

Tá an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT)/An Crann Taca, ag glacadh le hiarratais ar phost mar Riarthóir Airgeadais agus Maoirseoir Riaracháin. Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh airgeadais agus obair oifige an ITT, faoi stiúir an Bhainisteora. Ní mór d'iarrthóirí taithí riaracháin a bheith acu, agus bheadh cáilíocht tríú leibhéal sa réimse ina bhuntáiste. Tá caighdeán maith Gaeilge riachtanach don phost. Is féidir iarratais agus CV a sheoladh ag ittancranntaca@gmail.com nó chuig An Rúnaí, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/An Crann Taca Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh a 5.00 i.n. Dé hAoine, 10 Samhain 2023 Is féidir eolas breise a fháil maidir le sonraí an phoist ach teagmháil a dhéanamh ittancranntaca@gmail.com

# CÚRSA PODCHRAOLTÓIREACHTA

Tá Cúrsa Oiliúna Podchraolta Nua Spreagúil de chuid Stiúideo Voxonic á reáchtáil ag Comharchumann Shailearna Teo.
Dianchúrsa a bhéas ann, atá deartha d'earnáil na podchraoltóireachta a chuirfidh ar chumas na rannpháirtithe podchraoltaí dá gcuid féin a chruthú agus a thaifead ar na meáin shóisialta. Is cúrsa 10 n-uair a chloig atá i gceist déanta thar thréimhse 2 lá. Tá na spásanna teoranta, mar sin, moltar go léirítear suim chomh luath agus is féidir. Tá Foirm Clárúcháin don chúrsa le fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag 091 399199 nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig sailearna@gmail.com
Ní mór an fhoirm a bheith arais roimh an Aoine 3 Samhain 2023.



# TRÁTH NA GCEIST I ROS A’ MHÍL

**Tá Tráth na gCeist á reáchtáil ag Scoil Cholm Cille, Ros a’ Mhíl ar an Déardaoin 9 Samhain @ 8i.n. i dTigh Terry, Ros a’ Mhíl. Tá an scoil ag iarraidh airgead a bhailiú le naíonra nua a thógáil ann. Beidh táille de €20 i gceist do bhord de cheathrar. Beidh crannchur le neart duaiseanna le buachan ar an oíche freisin. Tá pobal na scoile ag súil go bhfeicfí ann tú!**





# DUAISEANNA LITEARTHA AN OIREACHAIS

Bhí roinnt scríbhneoirí as Cois Fharraige i measc bhuaiteoirí na nduaiseanna liteartha ag an Oireachtas. Thug muintir Uí Neachtain as an gCré Dhubh cúpla ceann leo! Bhuaigh Páid Ó Neachtain agus a bhean Bróna Ní Uallacháin an chéad duais do fhicsean do dhaoine óga lena n-úrscéal *Nois tá's agam!*, bhuaigh Bróna an chéad áit dá dráma *An Chéad Dráma* agus thug Clíodhna Ní Neachtain agus Éabha Ní Dhonncha an chéad áit leo dá scéal *Na Coinnle Trioblóideacha*. Bronnadh an chéad duais do dhráma raidió, *Clann*, ar Fhionnuala Ní Fhlatharta as Baile 'n tSléibhe, An Spidéal. Bronnadh duais ar Aifric Ní Scolaí as Indreabhán dá gearrscéal *Greim*. Bhuaigh Ciara Cox as Baile 'n tSléibhe an chéad áit don script gearrscannáin, *Filleann an Feall ar an bhFeallaire*. Ba é Mike P Ó Conaola as an Sidheán sa Spidéal a thug duais na hiriseoireachta leis lena shaothar *Mallacht nó Mí-ádh!* Comhghairdeachas leo ar fad.



Pictiúr: 'Tuairisc'


An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

# GRADAM ÁRAS CHOIS FHARRAIGE

Tá Gradam Áras Chois Fharraige á reáchtáil arís i mbliana, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tugann an gradam deis do mhic léinn altranais cur lena gcuid traenála agus taithí trí phost traenála páirt aimseartha a fháil ag an Áras, chomh maith le duais de €1,000 le cúnamh a thabhairt dóibh lena gcuid staidéir. Le cur isteach ar an gcomórtas, iarrfar ar iarrthóirí aiste (500 focal) a scríobh bunaithe ar an teideal *Na buntáistí a bhaineann le timpeallacht Ghaeilge labhartha d'Aosaigh atá ina gcónaí i dteach altranais*. Ní mór cló 'Arial' (12) agus spásáil dhúbailte a úsáid. Bronnfar 50% de na marcanna ar chur i láthair agus caighdeán na Gaeilge, agus beidh 50% eile ar fáil d'ábhar an aiste. Chomh maith le sin, beidh ar na hiarrthóirí dul faoi agallamh le bainistíocht an Árais. Tá an comórtas oscailte do mhic léinn a chuireann tús lena gcuid staidéir altranais i 2023. Ní mór d'iarrthóirí a n-iarratas a sheoladh ag an Áras roimh an Aoine 3 Samhain. Ní mór d'ainm, do sheoladh agus sonraí teagmhála a chur san áireamh. Is féidir iarratais a sheoladh ag Áras Chois Fharraige, Páirc, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

# CLUB LEABHAIR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an 8 Samhain, i dTigh Mholly le 'Fanacht Fada...agus scéalta eile' le Seán Ó Cadhain a phlé. Cnuasach de scéalta ficsean, de chuid Choiscéim atá ann. Is féidir an leabhar a cheannach ar líne nó go díreach ó Chló Iar-Chonnacht agus ón Siopa Leabhar. Cuirfear tús le cúrsaí @ 9i.n. Fáilte roimh chách.



# MEITHEAL PV GRÉINE AG COMHARCHUMANN SHAILEARNA

**Beidh cruinniú/ócáid eolais maidir le Tionscadal na Meitheal Gréine ar siúl i Seanscoil Sailearna ar an Luan 6 Samhain @ 7i.n. Cuireadh tús leis an tioscadal i gContae an Chláir agus tá sé mar aidhm aige cúnamh a thabhairt d'úinéirí tithe agus/nó gnólachtaí beaga ar mian leo PV Gréine a fhorbairt ar a suíomhanna féin. Is Pobal Inbhuanaithe leis an SEAI (Pobal Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) é Comharchumann Shailearna. Ar an oíche, cuirfidh Peigí Uí Chéidigh, bainisteoir an Chomharchumainn, coincheap na Meithle Gréine i láthair. Ina dhiaidh sin, tabharfaidh an Dr. Orla Nic Suibhne, meántóir SEC le SEAI, léargas ar na buntáistí a bhaineann le painéil ghréine, agus tabharfaidh sí cuntas ar chúrsaí acmhainneachta a bhaineann leis na painéil a fheistiú. Tabharfaidh Páraic Barrett, Bainisteoir Ghníomhaireacht Fuinnimh an Iarthair, roinnt eolais ar an ról atá ag an nGníomhaireacht Fuinnimh Nuabhunaithe. Tá fáilte roimh dhuine ar bith ar mian leo a gcuid leictreachais féin a tháirgeadh agus a bheith páirteach i Meitheal PV Gréine SEC Chomharchumann Shailearna. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag 091 399 199**





# FOLÚNTAS AG AN gCÉAD EITILT

**Tá An Chéad Eitilt, sna Forbacha, ag iarraidh cur lena bhfoireann. Tá sé riachtanach go bhfuil cáilíocht Leibhéal 5, ar a laghad, i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann), ag iarrthóirí agus tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil taithí ag iarrthóirí ag obair agus ag plé le páistí faoi chúig bliana d'aois. Chomh maith le sin, tá sé tábhachtach go bhfuil taithí ag iarrthóirí ar a bheith ag obair mar bhall d'fhoireann. Le níos mó eolais a fháil, nó le cur isteach ar phost ag an gCéad Eitilt, is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag ffcmfurbo@ @gmail.com nó ar an bhfón ag 091 590 814**





# ÓCÁID CHUIMHNEACHÁIN DO LIAM Ó FLAITHEARTA

Beidh ócáid chuimhneacháin, in ómós do Liam Ó Flaithearta, darbh ainm *1923 Respond, Reflect, Rejoice,* ar siúl ar an Déardaoin 9 Samhain @ 6i.n. i Leabharlann na Ceathrún Rua. Tabharfaidh Mary Clancy léacht gairid darbh ainm *1932: An Saol in Éirinn.* Ina dhiaidh sin, tabharfaidh Micheál Ó Chonghaile léacht maidir le *Liam Ó Flaithearta agus a chuid Gearrscéalta.* Le críoch a chur leis an gceiliúradh, seolfar píosa ceoil nuachumtha, píosa don phianó agus don fhidil, le Risteárd Ó hAodha, Peadar Tom-Mercier agus Róis Ní Chonghaile. Fáilte roimh chách!




# AONACH NA NOLLAG

Tá Aonach na Nollag á reáchtáil ag Ceardlann an Spidéil ar an Satharn 18 Samhain ó 10r.n.-2i.n. Beidh neart le déanamh agus le feiceáil ar an lá - le deiseanna iontacha siopadóireachta san áireamh! Beidh lascainí ar fáil ó na siopaí éasgúla ag an gCeardlann chomh maith le blaisíní áille le triáil! Beidh ceardlanna ceardaíochta ar siúl ar an lá freisin, le d'iarrachtaí féin a dhéanamh bronntanas deas a chruthú do dhuine éigin! Chomh maith le sin, beidh neart ceoil beo le cloisteáil ar an láthair agus gníomhaíochtaí spraíúla le haghaidh na gasúir! Ná bí buartha faoin bhfuacht - beidh seacláid the agus scailtín fíona saor in aisce ar fáil freisin! Le níos mó eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le 091 558 559

Ádh mór
le pobal Chois Fharraige
atá ag glacadh páirt in

# Oireachtas na Samhna 2023



Bainigí taitnmeamh as!!

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga